



An Bhruiséil, 12 Nollaig 2025
(OR. en)

16773/25

**Comhad Idirinstiúideach:
2025/0393 (COD)**

**SIMPL 210
ANTICI 214
ENV 1385
ENT 285
MI 1055
IND 615
COMPET 1343
STATIS 102
RECH 559
TELECOM 476
CODEC 2127**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	11 Nollaig 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 985 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2007/2/CE a mhéid a bhaineann le simpliú ceanglas áirithe maidir leis an mBonneagar d'Fhaisnéis Spásúil san Aontas a bhunú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 985 final.

Faoi iamh: COM(2025) 985 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.12.2025
COM(2025) 985 final

2025/0393 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 2007/2/CE a mhéid a bhaineann le simpliú ceanglas áirithe maidir
leis an mBonneagar d’Fhaisnéis Spásúil san Aontas a bhunú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Sa tuarascáil maidir le ‘Todhchaí Iomaíochas na hEorpa’, cuireadh i dtábhacht go mbeidh an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach ísealcharbóin a bheidh tíosach ar acmhainní fíorriachtanach chun rathúnas eacnamaíoch, athléimneacht agus iomaíochas fadtéarmach an Aontais a dhaingniú.³ Leis an gCompás Iomaíochais don Aontas, chuir an Coimisiún a straitéis i láthair do na 5 bliana amach romhainn chun acmhainneacht iomlán an aistrithe sin a scaoileadh¹.

Ba cheart cuspóirí beartais reachtaíocht an Aontais a bhaint amach ar bhealach éifeachtúil éifeachtach trédhearcach. Leis an gCompás Iomaíochais, cuirtear reachtóireacht fhreagrach chun cinn, agus fógraítear iarrachtaí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo chun reachtaíocht a shimpliú chun iomaíochas ghnólachtaí na hEorpa a athbhunú. Thairis sin, tá spriocanna neartaithe ag an gCoimisiún ó shin chun costais riaracháin a laghdú do ghnólachtaí (i gcomhar le húdaráis phoiblí) agus d’Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide faoi 25 % agus 35 %, faoi seach (¹).

Glacadh Treoir 2007/2/CE² (an Treoir INSPIRE) chun Bonneagar Sonraí Spásúla Eorpach a chruthú lena gcumasaítear faisnéis spásúil chomhshaoil a chomhroinnt i measc eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus lena bhfeabhsaítear rochtain an phobail ar fhaisnéis spásúil ar fud na hEorpa. Bhí an Treoir INSPIRE ríthábhachtach chun bacainní a shárú amhail sonraí atá in easnamh nó nach dtugtar tuairisc mhaith orthu, bonneagair sonraí spásúla leithlisithe, bacainní ar chomhroinnt, iarrachtaí dúbláilte, agus an iomarca formáidí, ionas gur féidir léarscáileanna agus sonraí suímh a aimsiú, a chomhroinnt agus a úsáid go héasca ar fud na hEorpa.

Deimhníodh sa mheastóireacht is déanaí a tugadh chun críche in 2022³, cé go bhfuil cuspóirí na Treorach fós an-ábhartha, go bhféadfaí an creat dlíthiúil a shimpliú agus a dhéanamh níos éifeachtaí.

Féachann an togra seo leis an Treoir INSPIRE a nuachóiriú agus a shimpliú trí dheireadh a chur le ceanglais theicniúla maidir le sonraí agus comhroinnt sonraí agus trína hoibleagáidí a ailíniú leis an reachtaíocht chothrománach sonraí is déanaí de chuid an Aontais. Áiritheofar leis sin comhleanúnachas dlíthiúil, laghdófar dúbláil agus an t-ualach ar na Ballstáit, agus san am céanna caomhnófar cuspóirí na Treorach maidir le hinrochtaineacht, cáilíocht agus idir-inoibritheacht sonraí spásúla comhshaoil a áirithiú. Tá an cur chuige sin i gcomhréir le straitéis Eorpach 2020 maidir le sonraí⁴ agus le Straitéis 2025 um Aontas Sonraí⁵ i dtéarmaí

¹ COM(2025) 47 final an 11 Feabhra 2025, Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú.

² Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d’Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lgh. 1–14).

³ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin - Meastóireacht ar Threoir 2007/2/CE lena mbunaítear Bonneagar d’Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (SWD/2022/0195 final).

⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Straitéis Eorpach maidir le sonraí (COM/2020/66 final).

⁵ *Communication from the Commission to the European Parliament and the Council Data Union Strategy Unlocking Data for AI* [Teachttaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig

creat beartais uileghabhálach a áirithiú don gheilleagar a bheidh solúbtha ó thaobh sonraí de agus ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint. Fógraíodh an tionscnamh ‘GreenData4All’ i straitéis Eorpach 2020 maidir le sonraí⁶, arb é is cuspóir dó an Treoir INSPIRE a nuachóiriú i gcomhréir le forbairtí teicneolaíochta agus deiseanna nuálaíochta, d’fhonn tacú leis an aistriú chuig geilleagar atá níos glaise agus neodrach ó thaobh carbóin de, agus an t-ualach riaracháin a laghdú.

Le reachtaíocht chothrománach an Aontais maidir le sonraí, rialaítear rochtain ar shonraí ón earnáil phoiblí, athúsáid, idir-inoibritheacht agus rialachas na sonraí sin ar bhealach comhleanúnach ard-teicneolaíochta. Áirítear leis sin Treoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte)⁷ agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 (Tacaí Sonraí Ardluacha)⁸, Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí)⁹, agus Rialachán (AE) 2024/903 (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach)¹⁰. Le reachtaíocht chothrománach an Aontais maidir le sonraí, tugtar isteach prionsabail ‘oscailte mar réamhshocrú’, meiteashonraí struchtúrtha, Comhéadain Feidhmchláir (APIInna) éigeantacha agus, i gcás inarb ábhartha, formáidí oll-íoslódála le haghaidh tacaí sonraí ardluacha, chomh maith le samhail rialachais choiteann chuíchóirithe le haghaidh úsáid sonraí trasteorann.

Go sonrach, leis an Treoir maidir le sonraí oscailte leagtar amach in Aireagal 1(7) go rialaítear leis an Treoir athúsáid doiciméad atá ann cheana atá i seilbh chomhlachtaí earnála poiblí agus ghnóthais phoiblí na mBallstát, lena n-áirítear doiciméid a bhfuil feidhm ag Treoir 2007/2/CE maidir leo.

Ina theannta sin, áirítear le cuspóir an Aontais Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha a chruthú, mar a leagtar amach i straitéis Eorpach 2020 maidir le sonraí, Spás Sonraí tiomnaithe don Chomhaontú Glas chun tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip; chuige sin, ní mór stóras aonraithe sonraí a bhriseadh agus a áirithiú gur féidir na sonraí comhshaoil ábhartha uile – idir sonraí spásúla agus sonraí neamhspásúla – sreabhadh gan bhac chun bonn eolais a chur faoi chuspóirí comhshaoil agus aeráide an Aontais agus chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí agus ar údarais phoiblí a laghdú.

Is é an simpliú atá beartaithe ar an Treoir INSPIRE, mar chuid den omnibus um shimpliú comhshaoil, an chomhpháirt dhlíthiúil den tionscnamh GreenData4All. Tacófar leis trí ghníomhaíochtaí neamhrechtacha agus uirlisí praiticiúla chun tacú le hathúsáid chliste agus éifeachtúil sonraí comhshaoil ar fud an Aontais.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis na leasuithe atá beartaithe, déanfar an Treoir INSPIRE a ailíniú le reachtaíocht an Aontais lena rialaítear sonraí na hearnála poiblí. Le Treoir (AE) 2019/1024 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/903 go háirithe, tugadh isteach ceanglais maidir le

an gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Sonraí lena Scaoiltear Sonraí le haghaidh na hIntleachta Saorga] (COM/2025/835 final).

⁶

⁷ Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56–83).

⁸ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 lena leagtar síos liosta de thacaí sonraí ardluacha shonracha agus na socrúithe maidir lena bhfoilsíú agus lena n-athúsáid (IO L 19, 20.1.2023, lgh. 43–75).

⁹ Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L 152, 3.6.2022, lgh. 1–44).

¹⁰ Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) (IO L, 2024/903, 22.3.2024).

hinfhaighteach sonraí ar bhonn saor in aisce oscailte, lena n-áirítear comhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár (APIInna), le haghaidh príomhthacair sonraí i gcatagóirí amhail sonraí geospásúla agus comhshaoil. Go sonrach, roghnaíodh na tacair sonraí ardluacha a shainítear faoin gcreat sin chun na tacair sonraí a chumhdaítear cheana leis an Treoir INSPIRE a mheaitseáil.

Leis an togra Omnibus don Réimse Digiteach¹¹, áirítear rialacha comhdhlúite cuíchóirithe Rialachán (AE) 2024/1689 (an Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí), Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) agus Treoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte) i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí), agus cruthaítear leis sin ionstraim chomhdhlúite aonair amháin le haghaidh gheilleagar sonraí na hEorpa. Déanfar Rialachán (AE) 2024/1689 (an Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí), Treoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte) agus Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) a aisghairm. Dá bhrí sin, dhéanfaidh an comhdhlúthú sin difear do na tagairtí sa togra seo chun an Treoir INSPIRE a shimpliú, ach ní dhéanfaidh an togra Omnibus don Réimse Digiteach difear dó ar aon bhealach eile, toisc nár mhol an Coimisiún athruithe substainteacha ábhartha ar na réitigh a leagtar amach sa Treoir maidir le Sonraí Oscailte.

Leis an Treoir INSPIRE soláthraítear creat coiteann agus caighdeán theicniúla a bhfuil gá leo chun sonraí spásúla a chomhroinnt agus a chomhtháthú thar earnálacha agus thar teorainneacha le haghaidh tuairiscithe, cur chun feidhme beartas agus cinnteoireachta. Le Rialachán (AE) 2019/1010 déantar oibleagáidí tuairiscithe i réimse na reachtaíochta comhshaoil a ailíniú agus soláthraítear an bonn chun samhlacha sonraí tuairiscithe a ailíniú le sonraíochtaí INSPIRE¹².

Níl maidir le beartas comhshaoil amháin atá cur i bhfeidhm na Treorach INSPIRE ábhartha. Tagraítear i roinnt píosaí éagsúla de reachtaíocht an Aontais don Treoir INSPIRE, amhail Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³ (LULUCF), Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ (An Comhbheartas

¹¹ [Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán \(AE\) 2016/679, \(AE\) 2018/1724, \(AE\) 2018/1725, \(AE\) 2023/2854 agus Treoracha 2002/58/CE, \(AE\) 2022/2555 agus \(AE\) 2022/2557 a mhéid a bhaineann leis an gcreat reachtach digiteach a shimpliú, agus lena n-aisghairtear Rialachán \(AE\) 2018/1807, \(AE\) 2019/1150, \(AE\) 2022/868, agus Treoir \(AE\) 2019/1024 \(Omnibus don Réimse Digiteach\), COM/2025/837 final.](#)

¹² Rialachán (AE) 2019/1010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le hoibleagáidí tuairiscithe a ailíniú i réimse na reachtaíochta a bhaineann leis an gcomhshaoil, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 agus (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/49/CE, 2004/35/CE, 2007/2/CE, 2009/147/CE agus 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 338/97 agus (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle, agus Treoir 86/278/CEE ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1010/oj>.

¹³ Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/841/oj>).

¹⁴ Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj>).

Talmhaíochta), Rialachán (AE) 2018/1091¹⁵ (staidreamh comhtháite feirme), Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶ (Clár Spáis an Aontais), Treoir (AE) 2024/2881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷ (an Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir), agus Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra)¹⁸, chun comhleanúnachas a áirithiú, e.g. a mhéid a bhaineann le formáidí teicniúla, comhoiriúnacht nósanna imeachta le haghaidh sonraí agus sonraíochtaí sonraí a tharchur agus a phróiseáil, d'fhonn dúbláil iarrachta a sheachaint.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra go hiomlán i gcomhréir le beartais chothrománacha sonraí agus dhigiteacha an Aontais, a mhéid a bhaineann le comhroinnt sonraí níos éasca a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha, agus le tacú le Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha a chruthú amhail Spás Sonraí an Chomhaontaithe Ghlais - agus é d'aidhm aige sonraí comhshaoil ardcháilíochta, inrochtana agus in-athúsáidte a chur ar fáil chun nuálaíocht, inbhuanaitheacht agus claochlú digiteach a spreagadh. Leis an scriosadh atá beartaithe ar cheanglais theicniúla mhionsonraithe maidir le hidir-inoibritheacht, seirbhísí gréasáin agus comhroinnt sonraí, tá an togra comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2024/903 a mhéid a bhaineann leis an aidhm bacainní teicniúla agus dlíthiúla a bhaint, caighdeáin choiteanna a chur chun cinn, agus a áirithiú gur féidir sonraí ón earnáil phoiblí - lena n-áirítear sonraí geospásúla agus comhshaoil - a chomhroinnt, a chomhcheangal agus a athúsáid go héasca thar theorainneacha agus ar fud earnálacha. Thairis sin, leis an simpliú atá beartaithe, cruthófar solúbthacht sa chur chun feidhme lena bhféadfar dea-chleachtais phobail a ghlacadh, amhail na Sásraí Idir-inoibritheachta Íosta (MIManna) a aithnítear go forleathan agus a d'fhorbair pobal na gCathracha Cliste Oscailte agus Sofhreaigrúla¹⁹, lena gcuirtear chun cinn úsáid caighdeán íosta solúbtha, mar shampla, APIInna gréasáin éadroma agus samhlacha coiteanna sonraí, chun idir-inoibritheacht sonraí geospásúla trasteorann a bhaint amach.

Tá na bearta atá beartaithe chun an Treoir INSPIRE a shimpliú comhsheasmhach le Treoir (AE) 2019/1024 agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 toisc go n-áiríteofar go gcuirfead sonraí geospásúla agus comhshaoil ar fáil mar shonraí oscailte, trí úsáid a bhaint as caighdeáin choiteanna, APIInna, agus ceadúnais oscailte, agus, ar an gcaoi sin, go n-íoslaghdófar dúbláil, go laghdófar ualaí ar sholáthraithe sonraí, agus go n-uasmhéadófar inrochtaineacht agus athúsáid do gach úsáideoir trí data.europa.eu. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe freisin an oibleagáid atá ar an gCoimisiún an gheothairseach INSPIRE a oibriú a scriosadh.

Thairis sin, tá an togra comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2022/868 lena n-éascaítear comhroinnt níos leithne sonraí ón earnáil phoiblí (lena n-áirítear sonraí nach bhfoilsítear go

¹⁵ Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir le staidreamh comhtháite feirme agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1337/2011 (IO L 200, 7.8.2018, lgh. 1–29).

¹⁶ Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69; ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj>).

¹⁷ Treoir (AE) 2024/2881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le aercháilíocht chomhthimpeallach agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 2024/2881, 20.11.2024).

¹⁸ Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869 (IO L, 2024/1991, 29.7.2024).

¹⁹ [Caighdeán Y-MIM le haghaidh Idir-oibritheacht maidir le Cathair Chliste Dhomhanda | An Tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach](#)

hoscailte) trí idirghabhálaithe iontaofa agus spásanna coiteanna sonraí, trína áirithiú gur féidir tacair sonraí spásúla a chomhroinnt faoi choinníollacha soiléire agus trí réitigh seirbhíse idir-inoibritheacha.

Go hachomair, leis an togra seo déantar an Treoir INSPIRE a ailíniú le beartas sonraí cothrománach an Aontais, lena n-éascaítear athúsáid sonraí oscailte mar réamhshocrú, idir-inoibritheacht, agus forbairt seirbhísí sonraibhunaithe ar fud earnálacha.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí atá leis an Treoir INSPIRE. Foráiltear le hAirteagal 192(1) an bunús dlí do bhearta chun an comhshaol a chosaint, lena n-áirítear úsáid na sonraí atá ar fáil chun bonn eolais a chur faoi ullmhúchán beartas comhshaoil.

Príomhfhórlacha dlí agus leasuithe

Is Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle é an togra, lena leasaítear Treoir 2007/2/CE.

Ní fhorordaítear leis an Treoir INSPIRE coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le ceadúnú oscailte ná muirear a ghearradh, as a n-eascaíonn coinníollacha athúsáide neamhréireacha ar fud na mBallstát. Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, tagairt do na fórlacha comhthreomhara i dTreoir (AE) 2019/1024 a chur in ionad na n-oibleagáidí atá ar na Ballstáit seirbhísí líonra sonracha a bhunú, lena n-áirítear fionnachtain, amharc, íoslódáil agus claochlú, chun a áirithiú go mbeidh sonraí spásúla ar oscailt lena n-athúsáid mar réamhshocrú faoi choinníollacha comhchuibhithe.

Tá sé beartaithe an oibleagáid atá ar an gCoimisiún geothairseach a oibriú a scriosadh. Ina ionad sin, cuirfear rochtain ar shonraí spásúla ar fáil trí thairseach sonraí oscailte an Aontais (data.europa.eu), a fheidhmíonn mar lárphointe rochtana do shonraí poiblí Eorpacha.

Na hoibleagáidí maidir le cruthú meiteashonraí agus fionnachtain sonraí a leagtar amach sa Treoir INSPIRE i gCaibidil II, tá siad fós oiriúnach dá bhfeidhm agus fágann siad gur féidir meiteashonraí agus feidhmiúlacht fionnachtana a aistriú ón ngeothairseach INSPIRE nó ó gheothairseacha náisiúnta nó fonáisiúnta chuig data.europa.eu.

D'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú, tá sé beartaithe na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 21 a scriosadh. Soláthróidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún maidir leis na bearta a rinneadh chun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 a chur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán sin. Áireofar sa tuarascáil sin liosta tacar sonraí a chomhfheagraíonn don tuairisc ar gach tacar sonraí ardluacha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, lena n-áirítear 33 as 34 thacar sonraí INSPIRE, agus le tagairt ar líne do mheiteashonraí a leanann na caighdeáin atá ann cheana, amhail clár aonair nó catalóg sonraí oscailte. Dá bhrí sin, ní gá na ceanglais tuairiscithe i dTreoir 2007/2/CE a choinneáil ar bun a thuilleadh.

Leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/1024 gur sonraí oscailte mar réamhshocrú iad na sonraí, agus tá feidhm ag an méid sin freisin maidir le sonraí spásúla, lena n-áirítear tacair sonraí spásúla a shainmhínítear faoi Threoir 2007/2/CE. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an fhoráil maidir le comhroinnt sonraí sa Treoir INSPIRE a scriosadh. Na coinníollacha chun faisnéis íogair, amhail slándáil náisiúnta nó sonraí pearsanta, a chosaint, sainítear go soiléir iad freisin

i dTreoir (AE) 2019/1024, i dTreoir 2003/4/CE²⁰ agus i Rialachán (AE) 2022/868. Dá bhrí sin, simplítear leis an togra an creat dlíthiúil gan na hoibleagáidí a bhaineann le comhroinnt sonraí spásúla idir údarais phoiblí a lagú.

Mar thoradh ar na leasuithe a leagtar amach thuas maidir le seirbhísí gréasáin, idir-inoibritheacht agus comhroinnt sonraí, tá sé beartaithe thairis sin na gníomhartha cur chun feidhme gaolmhara seo a leanas a aisghairm, tríd an nós imeachta is infheidhme, agus na cumhachtuithe comhfhreagracha a scriosadh:

- (1) Rialachán (CE) Uimh. 976/2009 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le Seirbhísí Líonra²¹
- (2) Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún maidir le hidir-inoibritheacht tacar agus seirbhísí sonraí spásúla²², agus
- (3) Rialachán (AE) Uimh. 268/2010 ón gCoimisiún maidir le comhroinnt sonraí agus seirbhísí²³.
- (4) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1372 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE a mhéid a bhaineann le faireachán agus tuairisciú²⁴.

• **Coimhdeacht**

Forchuirtear le dlí an Aontais an oibleagáid Bonneagar Sonraí Spásúla Eorpach a bhunú, chun tógáil ar bhonneagair arna mbunú agus arna n-oibriú ag na Ballstáit. Dá bhrí sin, is fearr simpliú na n-oibleagáidí gaolmhara a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun deimhneacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht a áirithiú. Áiritheofar leis sin soiléireacht d'údarais phoiblí ar fud an Aontais, a bhainfidh thairbheoidh de na ceanglais shimplithe a eascraíonn as an togra seo.

Tá gné bhunúsach thrasteorann agus uile-Eorpach ag baint le bonneagar sonraí spásúla le haghaidh beartas comhshaoil agus beartais nó gníomhaíochtaí a mbíonn tionchar acu ar an gcomhshaoil. Ní féidir le Ballstáit aonair idir-inoibritheacht agus rochtain ar shonraí spásúla a áirithiú go leormhaith chun críoch uile-Aontais.

Tá údar le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun creat idir-inoibritheach comhchoiteann le haghaidh sonraí spásúla a shimpliú agus a chomhdhlúthú. Ní bhaineann an togra le

²⁰ Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lgh. 26–32).

²¹ Rialachán (CE) Uimh. 976/2009 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2009 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le Seirbhísí Líonra (IO L 274, 20.10.2009, lgh. 9–18).

²² Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2010 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hidir-inoibritheacht tacar agus seirbhísí sonraí spásúla (OJ L 323, 8.12.2010, lgh. 11–102).

²³ Rialachán (AE) Uimh. 268/2010 ón gCoimisiún an 29 Márta 2010 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rochtain institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail ar thacair agus ar sheirbhísí sonraí spásúla na mBallstát faoi choinniollacha comhchuibhithe (IO L 83, 30.3.2010, lgh. 8–9).

²⁴ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1372 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2019 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le faireachán agus tuairisciú:

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/1372/oj

hinniúlacht na mBallstát a mbonneagair sonraí inmheánacha a eagrú, fad a bhainfear amach na cuspoirí coiteanna (infhaighteacht oscailte agus idir-inoibritheacht tacar sonraí spásúla áirithe).

- **Comhréireacht**

Is é is aidhm don togra an creat dlíthiúil a shimpliú trí athruithe a thabhairt isteach ar na ceanglais atá ann cheana lena bhféachtar leis an ualach a laghdú trí fhorálacha a scriosadh nó a leasú a bhfuil sé cruthaithe ina leith go bhfuil siad ró-shaintreorach nó go bhfuil dúbláil i gceist leo, agus nach ndéanann difear do shubstaint an chuspóra beartais níos leithne agus trí ailíniú le Treoir 2019/1024 agus le Rialachán 2023/138. Dá bhrí sin, tá an togra teoranta do na hathruithe sin is gá chun cur chun feidhme éifeachtúil, simpliú agus ailíniú ábhartha le reachtaíocht chothrománach sonraí a áirithiú.

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Fuarthas amach i meastóireacht 2022²⁵ ar an Treoir INSPIRE go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta aici maidir le comhroinnt sonraí spásúla ó bhí 2007 ann, rud a chruthaíonn éifeachtúlachtaí trí phrionsabail FAIR a chur i bhfeidhm agus trí idir-inoibritheacht ar fud an Aontais a chothú. Fuarthas amach gurb é príomh-bhreisluch na Treorach comhroinnt sonraí a chur chun cinn mar ghnáthchleachtas, struchtúir rialachais a bhunú, sonraí na hearnála poiblí a scaoileadh, trédhearcacht a fheabhsú, agus saineolas ar leibhéal an Aontais a fhorbairt. Fuarthas go raibh sé ábhartha go háirithe chun tacú le spás sonraí, straitéisí comhshaoil agus daonlathas comhshaoil an Chomhaontaithe Ghlais trí thrédhearcacht níos fearr.

Tá dúshlán ann go fóill, áfach. Tá bacainní teicniúla agus eagraíochtúla fós roimh an gcur chun feidhme, agus is í an idir-inoibritheacht an ghné is costasaí. Meastar go bhfuil an creat atá ann faoi láthair ró-mhionsonraithe agus nach bhfuil sé neodrach go leor ó thaobh na teicneolaíochta de, rud a laghdaíonn solúbthacht agus cost-éifeachtúlacht. Dá ndéanfaí na ceanglais idir-inoibritheachta a shimpliú agus dá dtabharfaí lánrogha do na Ballstáit maidir le sonraíochtaí sonraí a chur i bhfeidhm, mhéadófaí an inoiriúnaitheacht agus chuideofaí le hábharthacht a choinneáil i bhfianaise athruithe teicneolaíochta. Ní féidir leis an Treoir INSPIRE, aisti féin, inúsáidteacht sonraí trasteorann agus trasearnála a áirithiú, agus éilítear iarracht bhreise chun sonraí a thiontú ina bhfaisnéis phraiticiúil.

Fuarthas go raibh an Treoir INSPIRE comhleanúnach den chuid is mó le reachtaíocht chomhshaoil, sonraí oscailte, agus rochtain ar fhaisnéis, ach d'fhéadfaí sineirgí idir na creatáil sin a ghíaráil ar bhealach níos fearr chun tacú le scaipeadh gníomhach sonraí comhshaoil. Is iad na rialtais náisiúnta a íocann na costais cur chun feidhme den chuid is mó, gan mórán ualaigh ar úsáideoirí deiridh, agus i gcás ina ndearnadh measúnuithe costais agus tairbhe, bhí na torthaí ailínithe le hionchais ón meastóireacht *ex ante* bhunaidh.

Ar an iomlán, fuarthas go raibh an Treoir INSPIRE fós an-ábhartha chun dul i ngleic le bacainní ar chomhroinnt sonraí agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais sonraí amach anseo. Ach chun a héifeachtacht a mhéadú, bheadh gá leis an gcreat dlíthiúil a nuachóiriú agus le cur chun feidhme praiticiúil feabhsaithe.

²⁵ SWD(2022)195

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá ullmhúchán an togra seo bunaithe ar chomhairliúcháin fhorleathana le húdaráis na mBallstát, le soláthraithe sonraí, le húsáideoirí sonraí, lena n-áirítear gnólachtaí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus leis an bpobal i gcoitinne. Leis an gComhairliúchán Poiblí Oscailte, a bhí ar siúl ón 5 Feabhra go dtí an 30 Aibreán 2025, cumhdaíodh raon feidhme níos leithne ná an togra maidir le simpliú atá ann faoi láthair, ina bhfuil dhá chuid ar leith: 1) roinn ghinearálta ina dtugtar aghaidh ar infhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí comhshaoil (375 fhreagróir), agus 2) roinn níos sonraí maidir le simpliú na Treorach INSPIRE (227 bhfreagróir). Baineann an togra seo leas go príomha as torthaí an dara cuid den chomhairliúchán poiblí oscailte, atá dírithe ar an Treoir INSPIRE a shimpliú.

D'fhreagair 375 fhreagróir an chéad chuid den Chomhairliúchán Poiblí Oscailte. Ba iad na húdaráis phoiblí an grúpa freagróirí ba mhó (150), agus ina dhiaidh sin, saoránaigh an Aontais (113), institiúidí acadúla agus taighde (40), cuideachtaí agus gnólachtaí (27), eagraíochtaí comhshaoil (9), comhlachais ghnó (8), eagraíochtaí neamhrialtasacha (7), saoránaigh nach saoránaigh den Aontas iad (6) agus gníomhaithe eile (15). Comhlachtaí ar an leibhéal náisiúnta den chuid is mó a bhí sna húdaráis phoiblí, agus tháinig 250 freagróir thar ceann eagraíochtaí a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu.

Dhéileáil freagróirí le sonraí comhshaoil i ról éagsúla. Sainithníodh 258 san iomlán mar úsáideoirí sonraí, 195 mar tháirgeoirí, agus 143 mar óstaigh nó mar sholáthraithe. Úsáidtear sonraí comhshaoil go príomha le haghaidh taighde agus forbartha (188 lua), feacht agus oideachas an phobail (185), pleanáil chríochach agus comhshaoil (183), ceapadh beartas (170), comhlíonadh agus tuairisciú (169), cinnteoireacht ghnó (92), dícheall cuí corparáideach (76), agus tuairisciú inbhuanaitheachta (35). I measc na gcineálacha sonraí is mó a bhfuarthas rochtain orthu bhí úsáid talún agus cumhdach talún (258), sonraí aeráide agus aimsire (209), cáilíocht agus cainníocht uisce (181), bithéagsúlacht (181), hidreolaíocht (171), foraoiseacht (165), talmhaíocht (160), agus cáilíocht ithreach (153). Is minic a fhaightear rochtain ar shonraí trí íoslódáil comhad próiseáilte (124), seirbhísí féachana (102), agus rochtain amh/API (92).

Thug 227 bhfreagróir freagra ar an dara cuid, inar díriodh ar an Treoir INSPIRE a shimpliú. Maidir le hailíniú idir an Treoir INSPIRE agus Treoir (AE) 2019/1024, bhí comhaontú láidir ann go gcuirfeadh ailíniú den sórt sin inrochtaineacht agus athúsáid níos leithne chun cinn (chomhaontaigh 133 go láidir), go simpleofaí rialacha maidir le comhroinnt sonraí (128), agus go laghdófaí ualaí riaracháin (111). Maidir le rialachas, thacaigh tromlach soiléir leis an Treoir INSPIRE a chomhtháthú faoi chreat rialachais coiteann de chuid an Aontais a bheadh nasctha le reachtaíocht chothrománach: Thacaigh 76 acu go láidir leis sin, thacaigh 99 acu leis, ní raibh ach 22 acu neodrach agus bhí 22 acu ina choinne. Mar sin féin, leag go leor acu béim ar an ngá atá le saineolas geospásúil, cáilíocht sonraí agus caighdeán idir-inoibritheachta a chosaint.

Chonaic freagróirí tairbhí féideartha maidir le caighdeánú, dearbhú cáilíochta agus inscálaitheacht trí APIanna agus néalseirbhísí. Dhírigh na hábhair inní ar thrédhearcacht, rialachas, cuntasacht, slándáil, agus ar an ngá atá le maíseacht phoiblí a chaomhnú agus spleáchas ar ardáin phríobháideacha theimhneacha a sheachaint. Bhí meascán tuairimí ann maidir le luach leanúnach na Treorach INSPIRE mar ionstraim neamhspleách dá mbeadh sí ailínithe go hiomlán le reachtaíocht chothrománach. Cé gur mheas 91 fhreagróir go raibh sé an-luachmhar nó measartha luachmhar, cheap 62 fhreagróir go raibh luach teoranta aici nó nach raibh aon luach aici, agus bhí 35 fhreagróir fós éiginnte.

Bhí 25 cheangaltán aonair ag gabháil leis an gcomhairliúchán, agus bhí 22 díobh ábhartha go díreach. Leagadh béim sna rannchuidithe sin ar shaincheistanna leanúnacha amhail

difríochtaí in inúsáidteacht agus inrochtaineacht tairseacha sonraí, neamhréireachtaí i gcáilíocht sonraí, agus bacainní ar rochtain trasteorann. Mhol go leor daoine go mbeadh ardán Eorpach cónasctha comhleanúnach ann a bheadh bunaithe ar nóid náisiúnta, agus thug siad rabhadh in aghaidh tráchtálú nó ballaí íocaíochta. Cuireadh tuairimí éagsúla in iúl maidir le sonraí arna nginiúint ag saoránaigh, agus bhí an tacaíocht ag brath ar chreataí soiléire cáilíochta agus bailíochtaithe. Leag freagróirí béim freisin ar a thábhachtaí atá cistiú, fothú acmhainneachta, malartuithe slána, agus coinneáil ar bun an chomhleanúnachais gheospásúil laistigh de reachtaíocht sonraí níos leithne an Aontais, amhail Treoir (AE) 2019/1024 agus Rialachán (AE) 2024/903.

Bhí dlúthbhaint ag saineolaithe na mBallstát, trí Ghrúpa Cothabhála agus Cur Chun Feidhme (MIG) INSPIRE, le roinnt ceardlann idir 2022 agus 2025. Pléadh freisin ag Comhdháil INSPIRE 2023 (rannpháirtíocht 280 duine i bpearsa agus 800 duine go fíorúil, a dhéanann ionadaíocht d'údarais phoiblí, do ghnólachtaí agus don saol acadúil) éabhlóid fhéideartha Threoir INSPIRE. Agus aird á tabhairt ar infheistíochtaí a rinneadh cheana ó thaobh cur chun feidhme de, bhí comhaontú ginearálta ann nár cheart ceanglais dhlíthiúla na Treorach iad a cheangal le teicneolaíochtaí atá as dáta ná dúbláil iarrachtaí a bheith mar thoradh orthu. Tá píolótú déanta cheana féin ag roinnt Ballstát trí úsáid a bhaint as a dtairseach sonraí oscailte chun oibleagáidí fionnachtana INSPIRE a chomhlíonadh, rud a léiríonn indéantacht. Is minic a bhíonn srianta acmhainneachta agus ró-ualú ar sholáthraithe sonraí mar gheall ar oibleagáidí forluiteacha. D'athdhearbhaigh an Grúpa Cothabhála agus Cur Chun Feidhme torthaí an chomhairliúcháin phoiblí oscailte chun bunús reachtach a choinneáil ar bun le haghaidh sonraí tagartha geospásúla, lena n-áirítear caighdeánú fadtéarmach, agus béim á leagan ar a bhfuil ag obair go maith a fhágáil gan athrú, go háirithe maidir le caighdeáin meiteashonraí.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Agus an togra á ullmhú, bhain an Coimisiún úsáid as saineolas seachtrach i bhfoirm staidéar tacaíochta. Ina theannta sin, chuir an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) anailís ildisciplíneach ar fáil maidir le staid chur chun feidhme na Treorach INSPIRE agus treoracha a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo²⁶²⁷. Chuir an Coimisiún san áireamh freisin meastóireacht REFIT 2016 ar an Treoir INSPIRE²⁸ chomh maith le meastóireacht 2022²⁹, ina raibh fianaise mhionsonraithe ar an méid a oibríonn agus ar an méid nach n-oibríonn. Cainníochtaíodh sa mheastóireacht glacadh íseal roinnt seirbhísí INSPIRE agus moladh comhtháthú le reachtaíocht chothrománach sonraí.

- **Measúnú tionchair**

Baineann an togra le leasuithe spriocdhírithé chun an Treoir INSPIRE a nuachóiriú agus a shimpliú trína hailíniú leis na hoibleagáidí a leagtar amach sa reachtaíocht chothrománach sonraí is déanaí de chuid an Aontais. Is é is aidhm do na hathruithe cur chun feidhme níos éifeachtúla, níos éifeachtaí ar lú an t-ualach lena mbaineann a áirithiú. Mar gheall ar chineál spriocdhírithé na n-athruithe, agus an easpa roghanna beartais ábhartha, níl gá le measúnú tionchair. Mar sin féin, áirítear sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an togra cainníochtú an choigiltis a bhfuil coinne leis, chomh maith le faisnéis faoi leanúint de na

²⁶ <https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC126319>

²⁷ <https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC139026>

²⁸ Doiciméad inmheánach oibre maidir leis an meastóireacht REFIT ar an Treoir INSPIRE (SWD(2016)273)

²⁹ Féach supra, fonóta 2.

sásraí comhordúcháin atá bunaithe ar leibhéal an Aontais i bhfoirm níos sofhreagrúla ar lú an t-ualach lena mbaineann.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT), áirithíonn an Coimisiún go bhfuil a reachtaíocht oiriúnach dá feidhm, go bhfuil sí dírithe ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus go n-íoslaghdaíonn sí ualaí agus a cuspóirí á mbaint amach aici an tráth céanna.

Tá an togra seo ina chuid de REFIT, agus freagraíonn sé do thorthaí mheastóireacht 2022 ar an Treoir INSPIRE, inar sainaithníodh réimsí ina bhfuil ualach riaracháin iomarcach agus ceanglais theicniúla ró-shaintreoracha. Leis an togra, simplítear an creat dlíthiúil trí oibleagáidí a scriosadh ar oibleagáidí iad a dtugtar aghaidh orthu anois trí reachtaíocht chothrománach sonraí an Aontais a rinneadh le déanaí, go sonrach; Treoir (AE) 2019/1024, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138, Rialachán (AE) 2022/868 agus Rialachán (AE) 2024/903.

Tá an méid seo a leanas beartaithe:

- Deireadh a chur le hoibleagáidí tuairiscithe lena mbaineann dúbláil iarrachta, rud a laghdóidh an t-ualach oibre comhlíontachta ar na Ballstáit;
- Deireadh a chur le ceithre chumhachtú chun rialacha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le hidir-inoibritheacht, seirbhísí gréasáin, comhroinnt sonraí agus ceanglais tuairiscithe nach léiríonn na dea-chleachtais ná na caighdeáin atá ann faoi láthair a thuilleadh, agus ar an gcaoi sin deireadh a chur le ceanglais theicniúla dhochta. Déanfar na ceithre ghníomh cur chun feidhme arna nglacadh ar bhonn na gcumhachtuithe a aisghairm le nós imeachta ar leithligh um ghlacadh (nós imeachta coiste).
- Rochtain ar shonraí spásúla a chomhtháthú i mbonneagar eile de chuid an Aontais atá ann cheana, an tairseach sonraí oscailte (data.europa.eu), agus ar an gcaoi sin rochtain úsáideoirí agus cothabháil córais a shimpliú agus deireadh a chur leis an oibleagáid atá ar an gCoimisiún geothairseach a oibriú.

- **An tionchar cainníochtaithe a bhaineann le hoibleagáidí a bhaint**

Rachaidh na leasuithe atá beartaithe chun tairbhe do réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear soláthraithe sonraí earnála poiblí, údaráis náisiúnta agus réigiúnacha, gnólachtaí, institiúidí taighde, FBManna, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Beidh ualach riaracháin laghdaithe agus comhlíonadh simplithe ag soláthraithe sonraí earnála poiblí, agus beidh rochtain níos fearr ag gnólachtaí agus ag úsáideoirí sonraí ar shonraí comhshaoil ardluacha trí cheadúnú oscailte agus APInna nua-aimseartha.

Tá tréimhse trasuite 12 mhí beartaithe chun go mbeidh na Ballstáit in ann a mbonneagair a oiriúnú agus leanúnachas seirbhíse a choinneáil ar bun le linn an aistrithe chuig an gcreat nua. Maidir le coigilteas costais comhcheangailte an Aontais ón simpliú atá beartaithe, meastar go mbeidh sé substaintiúil. Meastar gurb é EUR 4,967–48,926 milliún na costais bhonnlíne bhliantúla a bhaineann leis an Treoir INSPIRE a chur chun feidhme ar fud AE-27.

Leis an simpliú atá beartaithe, meastar go dtiocfaidh laghdú 24–64 % ar ualaí riaracháin i gcomparáid leis an mbonnlíne atá ann faoi láthair. Léiríonn an chuimse íochtair 24 % na meastacháin níos coimeádaí a díorthaíadh ó aiseolas ó pháirtithe leasmhara le linn na ceardlainne bailíochtaithe, inar gabhadh measúnú láithreach pragmatach ar an tionchar a

d'fhéadfadh a bheith ann. I gcodarsnacht leis sin, comhfhreagraíonn an chuimse uachtair de 64 % do na lagduithe costais arna sainaithint tríd an gcás ailínithe iomláin le Treoir (AE) 2019/1024

Meastar gur léiriú é sin ar raon réalaíoch an choigiltis a bhfuil coinne leis ón simpliú, go háirithe an coigilteas sin atá nasctha leis an nuashonrú bliantúil ar thacair sonraí chomhchuíbhithe agus le hoibriú na seirbhísí foilseacháin agus gréasáin. Is ionann é agus coigilteas bliantúil de thart ar EUR 6,36–16,96 milliún, bunaithe ar an meán-chomhpháirt costais bhliantúil chun tacair sonraí agus seirbhísí a thabhairt cothrom le dáta agus a choinneáil ar bun faoi INSPIRE. Ar an meán, thar an raon réamh-mheasta, comhfhreagraíonn sé sin do laghdú bliantúil 44 % ar chostais riaracháin, nó thart ar EUR 11,66 milliún i gcoigilteas bliantúil. Baintear na coigiltis sin amach trí dheireadh a chur leis na ceanglais chasta chomhchuíbhithe, trí theicneolaíochtaí gréasáin príomhshrutha a ghíaráil, agus trí bhonneagar a chomhdhlúthú.

- **Ceartha bunúsacha**

Níl aon drochthionchar ag an togra ar chearta bunúsacha mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Baineann na leasuithe atá beartaithe le comhroinnt sonraí spásúla na hearnála poiblí (faisnéis neamhphearsanta, chomhshaoil agus gheografach) agus ní bhaineann siad le próiseáil sonraí pearsanta ná le haon teorainn ar chearta daoine aonair. Tá coimircí i dTreoir 2007/2/CE san fhoirm ina bhfuil sí faoi láthair cheana féin chun a áirithiú go gcosnófar sonraí pearsanta agus faisnéis rúnda íogair, e.g. in Airteagal 13.

Trí shonraí oscailte agus trédhearcacht a chur chun cinn, tá an togra comhsheasmhach le hAirteagal 42 den Chairt (ceart rochtana ar dhoiciméid) agus le hAirteagal 37 (cosaint an chomhshaoil) lena dtacaítear go hintuigthe le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil. Beidh an rochtain chéanna ar a laghad ag saoránaigh ar fhaisnéis maidir leis an gcomhshaoil spásúil agus a bhí acu roimhe seo. Ní dhéanann an togra difear do na ceartha chun príobháideachais ná chun cosanta sonraí toisc go n-eisiatar aon sonraí pearsanta (e.g. ainmneacha úinéirí maoine i gcadastar) ó raon feidhme na Treorach INSPIRE.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Plean cur chun feidhme

Ní bhaineann le hábhar

- **Doiciméid mhíniúcháin**

I bhfianaise raon feidhme an togra, níl údar leis ná níl sé comhréireach doiciméid mhíniúcháin a éileamh.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Áirítear an méid seo a leanas sa togra seo:

- Na sonraíochtaí idir-oibríteachta teicniúla a scríosadh, agus é á chur san áireamh go leagtar amach in Aireagal 1(7) de Threoir (AE) 2019/1024 go rialaítear leis an Treoir

sin athúsáid doiciméad arb ann dóibh atá i seilbh chomhlachtaí earnála poiblí agus ghnóthais phoiblí na mBallstát, lena n-áirítear doiciméid a bhfuil feidhm ag Treoir 2007/2/CE maidir leo. (Airteagal 7).

- Na ceanglais theicniúla a mhéid a bhaineann le seirbhísí gréasáin a scriosadh, agus é á chur san áireamh go leagtar amach in Airteagal 1(7) de Threoir (AE) 2019/1024 go rialaítear leis an Treoir sin athúsáid doiciméad arb ann dóibh atá i seilbh chomhlachtaí earnála poiblí agus ghnóthais phoiblí na mBallstát, lena n-áirítear doiciméid a bhfuil feidhm ag Treoir 2007/2/CE maidir leo (Airteagal 11).
- Na ceanglais maidir le comhroinnt sonraí a scriosadh mar leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/1024 go bhfuil sonraí oscailte mar réamhshocrú, rud a bhaineann le sonraí spásúla freisin, lena n-áirítear tacair sonraí spásúla a shainmhínítear faoi Threoir 2007/2/CE.
- Na coinníollacha faoina gcuirfidh údaráis phoiblí muirir i bhfeidhm ar thacair sonraí spásúla a scriosadh, agus é á chur san áireamh go leagtar amach in Airteagal 1(7) de Threoir (AE) 2019/1024 go rialaítear leis an Treoir sin athúsáid doiciméad arb ann dóibh atá i seilbh chomhlachtaí earnála poiblí agus ghnóthais phoiblí na mBallstát, lena n-áirítear doiciméid a bhfuil feidhm ag Treoir 2007/2/CE maidir leo, lena n-áirítear prionsabail agus rialacha lena rialaítear muirearú (Airteagal 14).
- An oibleagáid atá ar an gCoimisiún geothairseach INSPIRE a bhunú agus a oibriú (Airteagal 15) a scriosadh.
- Scriosadh na gceanglas tuairiscithe, chun dúbláil a sheachaint toisc go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach INSPIRE leis an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 (Airteagal 21).
- Nuashonrú ar an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú maidir le hIarscríbhinní I, II agus III a oiriúnú (Airteagal 4(7) agus Airteagal 22a nua).
- Nuashonrú ar an bhforáil maidir le cumhachtaí cur chun feidhme in Airteagal 5(4) chun tagairt d'Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 (Airteagal 22b nua) a chur in ionad na tagartha d'Airteagal 5 agus 7 de Chinneadh 1999/468/CE.
- Forálacha atá imithe i léig, i gcás ina bhfuil tréimhse ama imithe in éag, nó sainmhínithe atá imithe i léig a scriosadh.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2007/2/CE a mhéid a bhaineann le simpliú ceanglas áirithe maidir leis an mBonneagar d’Fhaisnéis Spásúil san Aontas a bhunú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa³⁰,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún³¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Léirítear sna treoirlínte polaitiúla do théarma 2024–2029 an Choimisiúin³² an sprioc reachtaíocht a shimpliú chun deireadh a chur le haon fhorluí agus contrárthacht, agus ardchaighdeán á gcoinneáil ar bun agus an cúrsa a sheasamh san am céanna maidir leis na spriocanna a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip³³.
- (2) Mar fhreagairt ar thuarascáil Draghi 2024³⁴, ina luaitear go bhfuil bacainní rialála agus an t-ualach riaracháin ar cheann de na príomhdhúshláin, go háirithe d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), sainaitheann sa Chompás Iomaíochais³⁵ sraith cumasóirí cothrománacha chun bonn taca a chur faoin iomaíochas, lena n-áirítear reachtaíocht a shimpliú, an t-ualach a laghdú agus tús áite a thabhairt do luas agus do sholúbthacht.
- (3) Sa Teachtaireacht uaidh an 19 Samhain 2025 dar teideal ‘*Data Union Strategy – Unlocking Data for AI*’ [An Straitéis um Aontas Sonraí – Sonraí a Scaoileadh le

³⁰ IO C , , lch. .

³¹ IO C , , lch. .

³² Rogha na hEorpa, Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024–2029, Ursula von der Leyen

³³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 11 Nollaig 2019, ‘*An Comhaontú Glas don Eoraip*’, COM/2019/640 final.

³⁴ Draghi, M. (2024), The future of European competitiveness [Todhchaí iomaíochas na hEorpa]. Le fáil ag: Tuarascáil Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais

³⁵ COM(2025) 47 final an 11 Feabhra 2025, Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú.

haghaidh na hIntleachta Saorga],³⁶ leag an Coimisiún amach an fhís atá aige don aontas sonraí, lena n-áirítear feabhas a chur ar chomhroinnt sonraí san earnáil phoiblí. Tá níos mó ná cur chuige céim ar chéim ag teastáil chuige sin agus ní mór don Aontas gníomhú go ceannasach chun a spriocanna a bhaint amach. Beidh ar an gCoimisiún, ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle, ar údaráis na mBallstát ar gach leibhéal agus ar pháirtithe leasmhara oibriú le chéile chun rialacha an Aontais, rialacha náisiúnta agus rialacha réigiúnacha a chuíchóiriú agus a shimpliú agus chun beartais a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí.

- (4) I gcomhthéacs ghealltanais an Choimisiúin ualaí tuairiscithe agus costais chomhlíontachta a laghdú, idir-inoibritheacht a chur chun cinn, agus iomaíochas a fheabhsú, is gá Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leasú³⁷, agus cuspóirí beartais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Maoiniú Inbhuanaithe á gcoinneáil ar bun an tráth céanna³⁸.
- (5) Tá sainmhínte áirithe i dTreoir 2007/2/CE a rachaidh i léig mar thoradh ar leasuithe atá beartaithe. Ba cheart na sainmhínte sin a scriosadh.
- (6) Tá tagairt do thríú páirtithe i dTreoir 2007/2/CE, ach ní leathnaítear Treoir (AE) 2019/1024, a bhfuil feidhm aici maidir le comhlachtaí earnála poiblí agus gnóthais phoiblí, chuig eintitis phríobháideacha ná chuig gnólachtaí. Chun comhleanúnachas a áirithiú le Treoir (AE) 2019/1024³⁹, ba cheart an tagairt do thríú páirtithe a scriosadh.
- (7) Tá na tréimhsí ama chun meiteashonraí a chruthú agus chun rialacha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos socruithe teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht tacar sonraí spásúla agus seirbhísí sonraí spásúla imithe i léig agus ba cheart iad a scriosadh.
- (8) Le hAirteagail 7 agus 8 de Threoir 2007/2/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún rialacha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos socruithe teicniúla maidir le hidir-inoibritheacht tacar sonraí spásúla agus seirbhísí sonraí spásúla agus, i gcás inarb indéanta, maidir le comhchuibhiú na dtacar agus na seirbhísí sin. Leagtar amach iontu freisin na coinníollacha maidir leis na rialacha cur chun feidhme sin agus ábhar na rialacha sin. Le hAirteagal 5(1) de Threoir (AE) 2019/1024, leagtar síos gur gá do chomhlachtaí earnála poiblí agus gnóthais phoiblí a gcuid doiciméad a chur ar fáil in aon fhormáid nó teanga ina bhfuil siad cheana féin, agus, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, trí mheán leictreonach, i bhformáidí atá oscailte, meaisín-inléite, inrochtana, inaimsithe agus in-athúsáidte, agus in éineacht leis na meiteashonraí a bhaineann leo. Beidh an fhormáid agus na meiteashonraí araon, i gcás inar féidir, i gcomhréir le caighdeáin oscailte fhoirmiúla. De bhun Airteagal 1(7) de Threoir (AE) 2019/1024, rialaítear leis an Treoir sin athúsáid doiciméad arb ann dóibh atá i seilbh chomhlachtaí earnála poiblí agus ghnóthais phoiblí na mBallstát, lena n-áirítear doiciméid a bhfuil

³⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 11 Feabhra 2025, *'A simpler and faster Europe: Communication on implementation and simplification'* [Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú] (COM/2025/47 final).

³⁷ Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE), IO L 108, 25.4.2007, lch. 1.

³⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 8 Márta 2018, *'Plean Gníomhaíochta: Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú'*, COM/2018/097 final.

³⁹ Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1024/oj>).

feidhm ag Treoir 2007/2/CE maidir leo. Ós rud é go bhfuil feidhm ag na ceanglais idir-inoibritheachta maidir le sonraí oscailte i leith sonraí spásúla, ba cheart an cumhachtú chun rialacha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos socruithe teicniúla maidir le hidir-inoibritheacht tacar sonraí spásúla agus, i gcás inarb indéanta, comhchuibhiú na dtacar sin mar aon le forálacha gaolmhara, a scriosadh.

- (9) Sonraítear in Airteagal 10 de Threoir 2007/2/CE go gcuirfidh na Ballstáit ar fáil an fhaisnéis is gá chun sonraí spásúla a dhéanamh idir-inoibritheach, lena n-áirítear cóid agus aicmithe, agus leagtar amach ann freisin na coinníollacha chun comhleanúnachas na sonraí spásúla a bhaineann le gné a áirithiú, a bhfuil a suíomh ar an teorainn idir dhá Bhallstát nó níos mó. Ós rud é go bhfuil Airteagail 7 agus 8 á scriosadh, níl gá a thuilleadh leis na ceanglais atá ar na Ballstáit an fhaisnéis sin a chur ar fáil ná leis na coinníollacha chun comhleanúnachas sonraí spásúla a áirithiú.
- (10) Sonraítear in Airteagail 11 agus 12 de Threoir 2007/2/CE go bhfuil ar na Ballstáit líonra seirbhísí a bhunú agus a oibriú chun tacair sonraí spásúla a fhionnachtain, a bhreathnú, a íoslódáil, a chlaohlú agus a agairt, agus áirithítear leo gur féidir le húdaráis phoiblí agus tríú páirtithe a dtacair sonraí spásúla agus a seirbhísí sonraí spásúla a nascadh leis an líonra sin. Le Treoir (AE) 2019/1024 leagtar amach an creat dlíthiúil le haghaidh sonraí oscailte agus tugtar isteach coincheap na dtacar sonraí ardluacha, a shainmhínítear mar shonraí, lena n-áirítear tacair sonraí spásúla, lena mbaineann tairbhí tábhachtacha don tsochaí agus don gheilleagar nuair a athúsáidtear iad. De bhun Threoir (AE) 2019/1024, tá tacair sonraí ardluacha le cur ar fáil lena n-athúsáid i bhformáid mheaisín-inléite, trí chomhéadain feidhmchláir oiriúnacha agus, i gcás inarb ábhartha, mar oll-íoslódáil. De bhun Airteagal 1(7) de Threoir (AE) 2019/1024, leagtar amach leis an Treoir sin go rialaítear leis an Treoir athúsáid doiciméad arb ann dóibh atá i seilbh chomhlachtaí earnála poiblí agus ghnóthais phoiblí na mBallstát, lena n-áirítear doiciméid a bhfuil feidhm ag Treoir 2007/2/CE maidir leo. Chun comhsheasmhacht le Treoir (AE) 2019/1024 a áirithiú agus chun forálacha forluiteacha a sheachaint, ba cheart na ceanglais i dTreoir 2007/2/CE maidir le líonra le haghaidh seirbhísí sonraí spásúla a bhunú agus a oibriú a scriosadh.
- (11) Leagtar amach in Airteagal 14 de Threoir 2007/2/CE na rialacha maidir le seirbhísí fionnachtana agus amhairc a chur ar fáil don phobal saor in aisce, agus maidir le seirbhísí ríomhthráchtála a chur ar fáil i gcás ina ngearrtar muirir. Le Treoir (AE) 2019/1024 bunaítear prionsabail agus rialacha lena rialaítear muirearú as doiciméid agus tacair sonraí ardluacha a chur ar fáil saor in aisce, lena n-áirítear eisceachtaí agus maoluithe ar na rialacha maidir le muirearú, chun an tionchar is mó is féidir a áirithiú agus chun athúsáid sonraí a éascú. De bhun Airteagal 1(7) de Threoir (AE) 2019/1024, leagtar amach leis an Treoir sin go rialaítear leis an Treoir athúsáid doiciméad arb ann dóibh atá i seilbh chomhlachtaí earnála poiblí agus ghnóthais phoiblí na mBallstát, lena n-áirítear doiciméid a bhfuil feidhm ag Treoir 2007/2/CE maidir leo. Chun comhsheasmhacht le Treoir (AE) 2019/1024 a áirithiú agus chun forálacha forluiteacha a sheachaint, ba cheart na rialacha maidir le muirear a ghearradh ar sheirbhísí fionnachtana agus amhairc i dTreoir 2007/2/CE a scriosadh.
- (12)] Le hAirteagal 15 de Threoir 2007/2/CE ceanglaítear ar an gCoimisiún geothairseach INSPIRE a bhunú agus a oibriú. D'fheidhmigh an tairseach sin mar lárphointe rochtana Eorpach ar na sonraí arna soláthar ag na Ballstáit agus ag tíortha CSTE faoi Threoir 2007/2/CE. Leis an tairseach, is féidir faireachán a dhéanamh ar infhaighteacht tacar sonraí, tacair sonraí oiriúnacha a aimsiú bunaithe ar na tuairiscí orthu, agus rochtain a fháil ar thacair sonraí roghnaithe trína seirbhísí amhairc nó íoslódála. Ó bhí 2021 ann, feidhmíonn an suíomh gréasáin data.europa.eu mar phointe rochtana aonair

le haghaidh sonraí oscailte arna bhfoilsíú ag Institiúidí an Aontais⁴⁰, agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta ar thairseacha náisiúnta na mBallstát agus tríú tíortha. Chun dúbláil na rochtana ar thacair sonraí spásúla a sheachaint agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart an oibleagáid atá ar an gCoimisiún an gheothairseach INSPIRE a oibriú a scriosadh.

- (13) In Airteagal 16 de Threoir 2007/2/CE, leagtar amach sonraíochtaí teicniúla agus íoschritéir feidhmíochta le haghaidh seirbhísí gréasáin dá dtagraítear in Airteagail 11 agus 12 den Treoir sin agus tugtar de chumhacht don Choimisiún na sonraíochtaí agus na híoschritéir sin a ghlacadh. Ós rud é go bhfuil Airteagail 11 agus 12 de Threoir 2007/2/CE á scriosadh, níl gá leis an gcumhachtú sin a thuilleadh.
- (14) Le hAirteagal 17 de Threoir 2007/2/CE, ceanglaítear ar na Ballstáit bearta a ghlacadh chun gur féidir sonraí spásúla a bhailítear ar leibhéal amháin d'údarás poiblí a chomhroinnt idir leibhéil éagsúla uile na n-údarás poiblí agus chun a áirithiú go gcuirfead sonraí spásúla agus seirbhísí spásúla ar fáil faoi dhálaí nach gcuireann srian ar a n-úsáid fhorleathan. De bhun Threoir (AE) 2019/1024, bíonn sonraí oscailte mar réamhshocrú, rud a bhaineann le sonraí spásúla freisin, lena n-áirítear tacair sonraí spásúla a shainmhínítear faoi raon feidhme Threoir 2007/2/CE. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 17 a scriosadh chun an creat dlíthiúil a shimpliú agus chun rialacha forluiteacha a sheachaint.
- (15) Leagtar amach in Airteagal 21 de Threoir 2007/2/CE na ceanglais faireacháin agus tuairiscithe atá ar na Ballstáit maidir le cur chun feidhme na Treorach sin agus maidir le húsáid a mbonneagar le haghaidh faisnéis spásúil. Le hAirteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138⁴¹ ón gCoimisiún, bunaítear liosta de thacair sonraí ardluacha a bhaineann leis na catagóirí téamacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/1024 agus atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí. Leagtar síos ann freisin na socruithe maidir le tacair sonraí ardluacha den sórt sin a fhoilsíú agus a athúsáid. Soláthróidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún maidir leis na bearta a rinneadh chun na rialacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 a chur chun feidhme, lena n-áirítear liosta tacar sonraí a chomhfhreagraíonn don tuairisc ar gach sonra ardluacha dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, mar aon le tagairt ar líne do mheiteashonraí lena ndéantar foráil do chaighdeáin atá ann cheana. An Iarscríbhinn sin, lena n-áirítear 33 as na 34 thacar sonraí spásúla a leagtar amach in Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Treoir 2007/2/CE. Dá bhrí sin, ní gá na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 21 de Threoir 2007/2/CE a choinneáil ar bun a thuilleadh.
- (16) Le Conradh Liospóin, rinneadh modhnú ar an gcreat dlíthiúil lena rialaítear na cumhachtaí a bhronnann an reachtóir ar an gCoimisiún, agus tugadh isteach idirdhealú idir na cumhachtaí arna dtarmhligéan chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhrechtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe de ghníomh reachtach a fhorlíonadh nó a leasú (gníomhartha tarmhligthe), agus na cumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún chun

⁴⁰ Cinneadh ó mhí Aibreáin 2021?

⁴¹ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 lena leagtar síos liosta de thacair sonraí ardluacha shonracha agus na socruithe maidir lena bhfoilsíú agus lena n-athúsáid (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), (IO L 19, 20.1.2023, lch. 43, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_impl/2023/138/oj?eliuri=eli%3Areg_impl%3A2023%3A138%3Aoj&locale=ga).

gníomhartha a ghlacadh chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le gníomhartha de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur chun feidhme (gníomhartha cur chun feidhme). I gcás ina dtabharfar cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún, ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴².

- (17) Leis an Treoir seo a ghlacadh roimh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, tugtar cumhachtaí don Choimisiún bearta a ghlacadh faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a bunaíodh le hAirteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle⁴³.
- (18) Aithnítear i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an gá atá leis an reachtaíocht uile atá ann cheana a ailíniú leis an gcreat dlíthiúil a tugadh isteach le Conradh Liospóin⁴⁴.
- (19) Le cumhachtú an Choimisiúin chun Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Treoir 2007/2/CE a leasú chun an tuairisc ar na téamaí sonraí atá ann cheana dá dtagraítear sna hIarscríbhinní sin a oiriúnú, rud a leagtar amach in Airteagal 4(7) den Treoir sin, déantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú. Ós rud é go gcomhlíonann an cumhachtú sin na critéir faoi Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ba cheart é a oiriúnú don fhoráil sin.
- (20) Chun an t-oiriúnú is gá ar an Rialachán seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le hIarscríbhinní I go III a ghabhann le Treoir 2007/2/CE a leasú tríd an tuairisc ar na téamaí sonraí atá ann cheana a oiriúnú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go ndéanfadh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (21) Ba cheart an chumhacht a thugtar don Choimisiún rialacha a ghlacadh maidir le cur chun feidhme Airteagal 5 de Threoir 2007/27CE, a leagtar amach i mír 4 den Airteagal sin, a oiriúnú d'Airteagal 291 CFAE.
- (22) Le hAirteagal 23 de Threoir 2007/2/CE bunaítear an oibleagáid atá ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir sin, agus leagtar amach ann na heilimintí ar ar a mbonn ba cheart an mheastóireacht a bheith bunaithe. Ba cheart na heilimintí sin a mhodhnú i bhfianaise an ailínithe leis na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe i

⁴² Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁴³ [Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún \(IO L 184, 17.7.1999, lch. 23, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/1999/468/oj?eliuri=eli%3Adec%3A1999%3A468%3Aoj&locale=ga>\)](https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/1999/468/oj?eliuri=eli%3Adec%3A1999%3A468%3Aoj&locale=ga)

⁴⁴ [IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: \[https://eur-lex.europa.eu/eli/agree_interinsttit/2016/512/oj?eliuri=eli%3Aagree_interinsttit%3A2016%3A512%3Aoj&locale=ga\]\(https://eur-lex.europa.eu/eli/agree_interinsttit/2016/512/oj?eliuri=eli%3Aagree_interinsttit%3A2016%3A512%3Aoj&locale=ga\)](https://eur-lex.europa.eu/eli/agree_interinsttit/2016/512/oj?eliuri=eli%3Aagree_interinsttit%3A2016%3A512%3Aoj&locale=ga)

Rialachán Uimh. (AE) 2023/138 agus i bhfianaise scriosadh Airteagal 21 de Threoir 2007/2/CE.

- (23) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2007/2/CE a leasú dá réir.
- (24) Ba cheart Rialacháin (AE) Uimh. 1089/2010⁴⁵, (CE) Uimh. 976/2009⁴⁶ agus (AE) Uimh. 268/2010⁴⁷ ón gCoimisiún a aisghairm sula scriosfar na cumhachtuithe ar ar a mbonn a glacadh iad. Ba cheart, dá bhrí sin, an dáta cur i bhfeidhm maidir le haisghairm na gcumhachtuithe sin a chur siar.
- (25) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr scála nó éifeachtaí an bhirt, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Leasuithe

Leasaítear Treoir 2007/2/CE mar seo a leanas:

- (1) in Airteagal 3, scriostar míreanna 5, 7, 8 agus 10;
- (2) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:
- (a) i mír 1, scriostar pointe (c)(ii); scriostar (b) mhír 5;
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22a chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinní I, II agus III tríd an gcur síos ar na téamacha sonraí atá ann cheana a chur in oiriúint ag féachaint d’fhorbairtí teicneolaíocha agus eacnamaíocha.’

⁴⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2010 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hidir-inoibritheacht tacar agus seirbhísí sonraí spásúla (IO L 323, 8.12.2010, lch. 11), ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2010/1089/oj?eliuri=eli%3Areg%3A2010%3A1089%3Aoj&locale=ga#>

⁴⁶ Rialachán (CE) Uimh. 976/2009 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2009 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le Seirbhísí Líonra (IO L 274, 20.10.2009, lch. 9), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/976/oj>.

⁴⁷ Rialachán (AE) Uimh. 268/2010 ón gCoimisiún an 29 Márta 2010 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rochtain institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail ar thacair agus ar sheirbhísí sonraí spásúla na mBallstát faoi choinníollacha comhchuibhithe (IO L 83, 30.3.2010, lch. 8), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/268/oj>.

(3) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) I mír 2, scriostar pointe (a).

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo, agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha atá ann cheana agus riachtanais úsáideoirí á gcur san áireamh, go háirithe maidir le meiteashonraí bailíochtaithe. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 22b(2)’;

(4) Scriostar Airteagal 6 go hAirteagal 7.

(5) Scriostar Airteagal 8.

(6) Scriostar Airteagal 9 go hAirteagal 12.

(7) Leasaítear Airteagal 13(1) mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Féadfaidh na Ballstáit rochtain phoiblí ar thacair sonraí spásúla agus ar sheirbhísí sonraí spásúla a theorannú i gcás ina bhféadfadh an rochtain sin difear a dhéanamh do chaidrimh idirnáisiúnta, don tslándáil phoiblí nó don chosaint náisiúnta.

(b) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Féadfaidh na Ballstáit rochtain phoiblí ar thacair agus ar sheirbhísí sonraí spásúla a theorannú i gcás ina bhféadfadh an rochtain sin difear a dhéanamh d’aon cheann de na nithe seo a leanas.’;

(8) scriostar Airteagal 14 go hAirteagal 15.

(9) Scriostar Airteagal 16.

(10) Scriostar Airteagal 17.

(11) Scriostar Airteagal 21.

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 22:

‘Airteagal 22 a

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. An chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(7), tabharfar í don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón [Nóta don IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(7) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a

shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(7) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’;

‘Airteagal 22b

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.’;

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23:

‘Airteagal 23

Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 6 bliana tar éis [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], meastóireacht ar an Treoir seo, agus ar a cur chun feidhme, agus an mheastóireacht sin a chur ar fáil go poiblí. Beidh an mheastóireacht sin bunaithe, *inter alia*, ar na heilimintí seo a leanas:

- (a) an taithí a fuarthas le linn chur chun feidhme na Treorach seo;
- (b) Meiteashonraí tacair sonraí ardluacha an Bhallstáit arna mbuaint ag an tairseach sonraí Eorpach (data.europa.eu);
- (c) sonraí eolaíochá anailíseacha ábhartha a cheanglaítear ar bhonn na dtreoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, go háirithe trína bheith ag brath ar phróisis bainistíochta faisnéise atá éifeachtúil agus éifeachtach.’.

Airteagal 2

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhforálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an [fichiú] lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (5), (9), (10) agus (11) ón [1 Márta 2027] ar aghaidh.

Airteagal 4

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo.....	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnamh le:	4
1.5.	Forais an togra/tionscnaimh	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	4
1.5.2.	Breisluch rannpháirteachas an Aontais (rudáí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.....	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoiniúcháin atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	8
2.2.	Córais bhainistíochta agus rialaithe	8
2.2.1.	An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár).....	8

2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	9
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	10
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar	10
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	12
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	12
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	12
3.2.1.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	17
3.2.2.	An t-aschur a mheastar a cistíodh ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	22
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin.....	24
3.2.3.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	24
3.2.3.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	24
3.2.3.3.	Iomlán na leithreasuithe	24
3.2.4.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.....	25
3.2.4.1.	Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	25
3.2.4.2.	Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha	26
3.2.4.3.	Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach	26
3.2.5.	Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha	28
3.2.6.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	28
3.2.7.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.....	28
3.3.	An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam	29
4.	GNÉITHE DIGITEACHA.....	29
4.1.	Ceanglais maidir le hábharthacht dhigiteach	30
4.2.	Sonraí	30
4.3.	Réitigh dhigiteacha.....	31
4.4.	Measúnú idir-inoibritheacha	31
4.5.	Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach	32

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2007/2/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe i ndáil le bunú an Bhonneagair d'Fhaisnéis Spásúil san Aontas Eorpach.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

an comhshaol

Na Líonraí Cumarsáide, an tÁbhar Digiteach agus an Teicneolaíocht

An Comhaontú Glas don Eoraip

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is iad na cuspóirí ginearálta a shaothraítear leis an togra reachtach seo eilimintí áirithe de Threoir 2007/2/CE a shimpliú agus a nuachóiriú chun an t-ualach ar na Ballstáit a laghdú a mhéid a bhaineann le seirbhísí líonra, idir-inoibritheacht agus comhroinnt sonraí. Tríd an ualach riaracháin agus na costais chomhlíontachta a bhaineann le ceanglais theicniúla agus tuairiscithe a laghdú, tá sé beartaithe leis an togra seo comhréireacht an chreata a áirithiú, agus an cuspóir a choinneáil san am céanna é a dhéanamh níos éasca d'údaráis phoiblí, do ghnólachtaí agus do shaoránaigh rochtain a fháil ar shonraí geospásúla comhshaoil agus iad a athúsáid.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóirí sonracha na leasuithe atá beartaithe ar Threoir 2007/2/CE a chuimsítear sa togra seo, tá sé d'aidhm acu na torthaí seo a leanas a bhaint amach:

- Deireadh a chur leis an oibleagáid atá ar an gCoimisiún geothairseach INSPIRE a bhunú agus a oibriú.
- An oibleagáid atá ar na Ballstáit tuairisciú don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na Treorach agus úsáid a mbonneagar le haghaidh faisnéis spásúil a ailíniú leis an oibleagáid tuairiscithe maidir le tacair sonraí ardluacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 lena leagtar síos liosta de thacair sonraí ardluacha shonracha agus na socrúithe maidir lena bhfoilsíú agus lena n-athúsáid.
- Ailíniú le Rialachán (AE) 2024/903 a mhéid a bhaineann le hidir-inoibritheacht.
- Na ceanglais maidir le bunú agus cothabháil na Seirbhísí Líonra a ailíniú leis na hoibleagáidí maidir le APIInna i dTreoir (AE) 2019/1024.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo

Sonraigh na héifeachtaí a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Rachaidh na leasuithe atá beartaithe chun tairbhe do réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear soláthraithe sonraí eárnála poiblí, údaráis náisiúnta agus réigiúnacha, gnólachtaí, institiúidí taighde, FBManna, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta. Beidh ualach riaracháin laghdaithe agus comhlíontacht shimplithe ag

soláthraithe sonraí earála poiblí, agus beidh rochtain níos fearr ag gnólachtaí agus ag úsáideoirí sonraí ar shonraí comhshaoil ardluacha trí cheadúnú oscailte agus trí chomhéadain feidhmchláir (APIInna) nua-aimseartha. Tá tréimhse trasuite 12 mhí beartaithe chun go mbeidh na Ballstáit in ann a mbonneagair a oiriúnú agus leanúnachas seirbhíse a choinneáil ar bun le linn an aistrithe chuig an gcreat nua. Maidir le coigilteas costais comhcheangailte an Aontais ón simpliú atá beartaithe, meastar go mbeidh sé mór. Meastar gurb é EUR 4,967–48,926 milliún na costais bhonnlíne bhliantúla a bhaineann le INSPIRE a chur chun feidhme ar fud AE-27. Leis na bearta atá beartaithe, meastar go dtiocfaidh laghdú 24–64 % ar ualaí riaracháin i gcomparáid leis an mbonnlíne atá ann faoi láthair. Léiríonn an chuimse íochtair 24 % na meastacháin níos coimeádaí a dhíorthaítear ó aiseolas ó pháirtithe leasmhara le linn na ceardlainne bailíochtaithe, inar gabhadh measúnú láithreach pragmatach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann. Os a choinne sin, comhfhreagraíonn an chuimse uachtair 64 % do na laghduithe costais a shainaithnítear tríd an gcás lán-ailínithe leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte (ODD), bunaithe ar mheasúnú tionchair níos córasaí agus níos sainráite. I dteannta a chéile, meastar gur léiriú iad an dá mheasúnú sin ar raon réalaíoch an choigiltis a bhfuil coinne leis ó na bearta le chéile, go háirithe an coigilteas sin atá nasctha leis an nuashonrú bliantúil ar thacair sonraí chomhchuibhithe agus le hoibriú na seirbhísí foilseacháin agus gréasáin. Is ionann é sin agus coigilteas bliantúil de thart ar EUR 6,36–16,96 milliún, bunaithe ar an meán-chomhpháirt costais bhliantúil chun tacair sonraí agus seirbhísí a thabhairt cothrom le dáta agus a chothabháil faoi INSPIRE. Ar an meán, thar an raon réamh-mheasta, comhfhreagraíonn sé sin do laghdú bliantúil 44 % ar chostais riaracháin, nó thart ar EUR 12 mhiliún i gcoigilteas bliantúil. Baintear na coigiltis sin amach trí dheireadh a chur leis na ceanglais chasta chomhchuibhithe, trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí gréasáin príomhshrutha, agus trí bhonneagar a chomhdhlúthú.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo cuspóirí sonracha an togra a bhaint amach, féachfaidh an Coimisiún an bhféadfaí malartuithe a eagrú leis na Ballstáit i bhformáidí éagsúla chomh maith le suirbhéanna tréimhsiúla ar thacair sonraí INSPIRE a chur ar fáil trí thairseach sonraí oscailte an Aontais (data.europa.eu), chomh maith le tuairisciú ó na Ballstáit ar bhonn Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún, ag brath ar infhaighteacht acmhainní airgeadais.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

- beart nua
- beart nua a leanann treoirhionscadal / réamhbheart⁴⁸
- síneadh ar bheart atá ann cheana
- beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

⁴⁸ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Leis an togra seo, molann an Coimisiún Treoir lena leasaítear roinnt forálacha de Threoir 2007/2/CE. A luaithe a thioctfaidh na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le hábhar an togra, beidh tréimhse áirithe ama ag na Ballstáit chun na leasuithe a thugtar isteach leis an Treoir seo a thrasú ina ndlí náisiúnta.

Chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo cuspóirí sonracha an togra a bhaint amach, féachfaidh an Coimisiún an bhféadfaí malartuithe a eagrú leis na Ballstáit i bhformáidí éagsúla, chomh maith le suirbhéanna tréimhsiúla ar thacair sonraí INSPIRE a chur ar fáil ar an tairseach sonraí oscailte, mar aon le tuairisciú ó na Ballstáit ar bhonn Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún, ag brath ar infhaighteacht acmhainní airgeadais.

1.5.2. *Breisluch rannpháirteachas an Aontais (rudáí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Le Treoir 2007/2/CE, rialaítear cheana féin bunú Bonneagair d’Fhaisnéis Spásúil san Aontas (INSPIRE), arb é is cuspóir dó comhroinnt faisnéise comhshaoil i measc eagraíochtaí san earnáil phoiblí a éascú agus rochtain an phobail ar shonraí spásúla ar fud na hEorpa a fheabhsú. Mar fhreagairt do na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme na Treorach INSPIRE, is é is aidhm don togra seo cur chuige níos simplithe agus níos tosaíochta a chur i bhfeidhm maidir le sonraí geospásúla a chomhroinnt chun an t-ualach ar na Ballstáit a laghdú, agus é á chur san áireamh go bhfuil forbairt tagtha ar chleachtais teicneolaíochta agus bainistithe sonraí.

Leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte, cuirtear athúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí chun cinn trí shonraí a chur ar fáil i bhformáidí oscailte agus meaisín-inléite a chomhfhreagraíonn do chuspóirí na Treorach INSPIRE chun inrochtaineacht agus idir-inoibritheacht sonraí a fheabhsú. Áirithítear leis an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Tacair Sonraí Ardluacha go gcuirtear tacair sonraí lena mbaineann tairbhí socheacnamaíochta nach beag ar fáil saor in aisce, rud a d’fhéadfadh cuidiú le hacmhainneacht na sonraí comhshaoil a uasmhéadú. Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Tacair Sonraí Ardluacha, rinneadh na chéad chéimeanna cheana féin chun a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit na tacair sonraí is luachmhair atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí ar fáil go hoscailte. Áirítear leis sin tacair sonraí lena gcumhdaítear beagnach gach téama sonraí a leagtar amach sa Treoir INSPIRE.

Le rialacha comhchoiteanna maidir le comhroinnt sonraí comhshaoil, cuirtear feabhas ar inrochtaineacht agus idir-inoibritheacht sonraí, d’fhonn tírdhreach sonraí níos comhtháite a bhunú lena gcuirfear prionsabal na haonuaire chun cinn agus lena n-áiríteofar go mbeidh ról níos lárnaí ag sonraí comhshaoil i margadh aonair digiteach an Aontais, rud a bheadh deacair do na Ballstáit a bhaint amach agus iad ag gníomhú ina n-aonar.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Ní bhaineann le hábhar

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Ní bhaineann le hábhar

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoiniúcháin atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Ní bhaineann le hábhar

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

tréimhse theoranta

- i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme⁴⁹

Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad
- eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú)
- an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta
- comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais
- comhlachtaí dlí poiblí
- comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh
- comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach de Bhallstát a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais
